SDCC

Comhairle Contae Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

**CUID 8 FÓGRA POIBLÍ**
**AN tACHT UM PLEANÁIL & FORBAIRT 2000 (ARNA LEASÚ)**
**NA RIALACHÁIN UM AN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2001 (ARNA LEASÚ)**

**Páirc Spóirt Féar Sintéiseach ag Páirc Glaschnoic, Baile Átha Cliath 12**

De bhua na gceanglas thuasluaite, tugtar fógra leis seo go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas na hoibreacha seo a dhéanamh ag Páirc Glaschnoic, i mbaile fearainn Glaschnoic agus Feirm na Tiníleach.

Seo a leanas na tograí:

- Tógáil páirce spóirt uile-aimsire le féar sintéiseach 3G.
- Fál timpeallachta agus fál stad liathróide taobh thiar de gach cúl.
- 6 gcolún soilsithe tuile.
- Foirgneamh pavilin aonstórach ina mbeidh dhá seomra feistis foirne ar leith, limistéar stórála do chlub agus áiseanna tacaíochta.
- Gach obair thacúil ghaolmhar sna ceantair in aice láimhe, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do dhraenáil uisce séarachais & dromchla agus soláthairtí fóntais.
- Athailíniú an chosáin reatha thar fad 112 méadar.
- Gach obair chrua agus bhog tírdhreachaithe ghaolmhar, lena n-áirítear cosáin cheangail agus plandáil ghaolmhar.
- Limistéir stórála.
- CCTV.

Tá Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí déanta ar an togra faoi Threoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) agus scagadh le haghaidh Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA) faoi Threoir EIA 2014/52/AE. Tá réamhscrúdú déanta ag an Údarás Pleanála ar chineál, méid agus suíomh na forbartha beartaithe. Chinn an t-údarás nach bhfuil aon dealraitheacht dháiríre ann go mbeidh éifeachtaí suntasacha ar an timpeallacht ag eascairt as an bhforbairt atá beartaithe agus tá cinneadh déanta nach bhfuil EIA ag teastáil.

Féadfaidh aon duine, laistigh de 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh le An Bord Pleanála le haghaidh cinneadh scagthástála maidir le cibé acu an dócha nó nach dócha go mbeadh éifeachtaí suntasacha ar an timpeallacht ag an bhforbairt.

Is féidir na pleananna agus mionsonraí na forbartha beartaithe a sheiceáil ar líne ar shuíomh gréasáin Thairseach Chomhairliúcháin Phoiblí na Comhairle (http://consult.sdublincoco.ie) idir **17ú Meán Fómhair 2025 agus 30ú Deireadh Fómhair 2025.**

Beidh pleananna agus mionsonraí priontáilte ar fáil le scrúdú agus le ceannach le haghaidh táille nach mó ná an costas réasúnach a bhainfeadh le cóip a dhéanamh, in Áras an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, i rith uaireanta oifige idir **17ú Meán Fómhair 2025 agus 15ú Deireadh Fómhair 2025.**

Is féidir aighneachtaí nó breathnóireachtaí maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ag déileáil le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir ina bhfuil an fhorbairt bheartaithe suite a sheoladh i scríbhinn suas go dtí **5pm ar an 30ú Deireadh Fómhair 2025** agus is féidir iad a chur ar fáil ar na bealaí seo a leanas:

Aighneachtaí Ar Líne: http://consult.sdublincoco.ie

nó
Tríd an bPost:
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
Gníomh Aeráide,
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Áras an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 YNN5.

TABHAIR FAOI DEARA: Seol aighneacht ar aghaidh ar bhealach amháin. Ní mór d'ainm agus seoladh teagmhála a lua ar gach aighneacht. Ba cheart a thabhairt faoi deara, go bhfuil feidhm leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997-2006 (arna leasú) i ndáil le gach taifead atá i seilbh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas. Tá Ráitis Phríobháideachais Sonraí Pearsanta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas le fáil ag www.sdcc.ie agus coimeádfar na sonraí pearsanta ar fad de réir na gceanglas reachtúil.
***An Stiúrthóir, Gníomh Aeráide, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Áras an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.***

SUÍOMH GRÉASÁIN: www.sdcc.ie    Dáta an Fhógra Phoiblí: 17ú Meán Fómhair 2025